2023. M6 2023L001G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gaeilge

## Páipéar 2

## Gnáthleibhéal

Dé Máirt 13 Meitheamh Maidin 9:30 – 11:50

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

**Ceist 1: An Léamhthuiscint (100 marc)**
Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Ceist 2: An Prós (50 marc)**
Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

**2A.** Prós Ainmnithe (leathanach 8)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**2B.** Prós Roghnach (leathanach 9)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 3: An Fhilíocht (50 marc)**
Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

**3A.** Filíocht Ainmnithe (na leathanaigh 10 – 12)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**3B.** Filíocht Roghnach (leathanach 13)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 1 — Léamhthuiscint — 100 marc**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Johnny Sexton – Laoch Rugbaí

**1.** Tá an t-imreoir rugbaí, Johnny Sexton, ar dhuine de na leathchúlaithe amuigh is cáiliúla ar domhan. Rugadh Johnny i mBaile Átha Cliath ar an aonú lá déag de mhí Iúil 1985. Músclaíodh spéis Johnny sa rugbaí agus é ag fás aníos. Imreoirí rugbaí ba ea a athair agus a uncail. Ba ghnách le Johnny dul in éineacht lena athair go club rugbaí Bective ag an deireadh seachtaine. Nuair a bhí sé ar an meánscoil i gColáiste Naomh Muire i Ráth Maonais, thosaigh sé ag imirt rugbaí don scoil. In 2002, nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois roghnaíodh é ar phainéal sinsir Choláiste Naomh Muire le haghaidh chraobhchluiche sinsir scoileanna Chúige Laighean. Tháinig sé isteach sa chraobhchluiche sin mar ionadaí agus scóráil sé preabchúl trí nóiméad ó dheireadh an chluiche. Thug sé sin an bua do Choláiste Naomh Muire. D'imir sé ar fhoireann scoileanna na hÉireann in 2004.

**2.** Tugadh faoi deara go raibh cumas thar an gcoitiantacht in Johnny agus roghnaíodh ar fhoireann na hÉireann faoi bhliain is fiche é. Ainmníodh é ar phainéal idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann ar leibhéal na sinsear den chéad uair in 2008, do Chraobh na Sé Náisiún. Ní raibh sé ábalta imirt sa chomórtas sin, áfach, mar bhris sé a ordóg ag imirt do Chúige Laighean. D'imir sé a chéad chluiche ar fhoireann sinsir na hÉireann in aghaidh Fhidsí in 2009. Scóráil sé sé phointe dhéag sa chluiche sin agus ainmníodh é mar laoch na himeartha. Ó shin i leith, tá a thallann mar leathchúlaí amuigh aitheanta ar fud an domhain. Tá sárscileanna ciceála agus pasála aige, is cosantóir cróga é, agus tá sé láidir sa ghreamú.

**3.** Mar imreoir idirnáisiúnta, bhuaigh Johnny Craobh na Sé Náisiún ceithre huaire le foireann na hÉireann, an Choróin Thriarach trí huaire, agus an Chaithréim Mhór sa Rugbaí dhá uair. D'imir sé ar fhoireann na hÉireann i gcoinne fhoireann na All Blacks, in Chicago, in 2016. Ócáid stairiúil a bhí ann mar bhuaigh Éire ar na All Blacks, ceann de na foirne rugbaí is fearr ar domhan, den chéad uair riamh an lá sin. Scóráil Johnny deich bpointe sa chluiche sin. Bliain speisialta ba ea 2018 do Johnny. Bhuaigh foireann na hÉireann Craobh na Sé Náisiún, an Choróin Thriarach agus an Chaithréim Mhór an bhliain sin. Chomh maith leis sin, ba í sin an bhliain a bhuaigh siad ar na All Blacks i Staid Aviva den chéad uair. De bharr fheabhas a chuid imeartha sna cluichí móra éagsúla sin, bronnadh gradam 'Imreoir Domhanda Rugbaí na Bliana' air an bhliain sin.



**4.** Is iomaí gaisce rugbaí atá déanta ag Johnny ar pháirc an rugbaí dá chlub, Cúige Laighean. Chabhraigh sé leo an bua a fháil i gCorn Heineken ceithre huaire. In 2013, bheartaigh sé Cúige Laighean a fhágáil mar ní raibh sé sásta leis an gconradh a thairg an club dó agus chuaigh sé ag imirt le club

rugbaí Racing 92 i bPáras. Ach tar éis dhá bhliain a chaitheamh ag imirt leis an gclub sin, d'fhill sé ar Chúige Laighean. Chuaigh Johnny ar thuras thar lear faoi dhó le Leoin na Breataine agus na hÉireann. Thug na Leoin cuairt ar an Astráil in 2013 agus ar an Nua-Shéalainn in 2017. D'imir Johnny sna sé mhórchluiche ar an dá thuras sin. In 2021, áfach, bhí an-díomá air nuair nár roghnaíodh é ar phainéal na Leon a chuaigh chun na hAfraice Theas.

**5.** In agallamh a rinne Johnny roimh thús Chraobh na Sé Náisiún i mí Feabhra i mbliana, dúirt sé gur mhaith leis éirí as an rugbaí agus é fós i mbarr a réime agus ag imirt d'Éirinn. Tá ráfla ann go n-éireoidh sé as an imirt tar éis Chorn an Domhain sa Rugbaí, a bheidh ar siúl sa Fhrainc níos déanaí i mbliana. Beidh cáil ar Johnny Sexton mar leathchúlaí amuigh sa rugbaí go deo. Déanann Johnny obair charthanachta ina am féin. Tugann sé tacaíocht do na cumainn charthanachta *Make-A-Wish* agus *Debra Ireland*. Nuair a bhuaigh Johnny a chéadú caipín idirnáisiúnta ag imirt i gcoinne na Seapáine in 2021, chuir sé na buataisí a chaith sé an lá sin ar crannchur chun airgead a bhailiú do *Debra Ireland*, eagraíocht a chabhraíonn le daoine a bhfuil galar tromchúiseach craicinn orthu.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** (a) Cad a mhúscail spéis Johnny sa rugbaí agus é ag fás aníos? (Alt 1)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin bpáirt a ghlac Johnny i gcraobhchluiche sinsir scoileanna Chúige Laighean in 2002. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin gcéad chluiche a d'imir Johnny Sexton ar fhoireann sinsir na hÉireann in aghaidh Fhidsí in 2009. (Alt 2)

(b) Luaigh **dhá** scil atá ag Johnny Sexton mar leathchúlaí amuigh. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cén fáth a raibh an cluiche a d'imir foireann na hÉireann in Chicago in 2016 ina ócáid stairiúil? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a tharla sa bhliain speisialta a bhí ag Johnny in 2018. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Cén fáth ar bheartaigh Johnny Cúige Laighean a fhágáil in 2013? (Alt 4)

(b) Cad a chuir an-díomá ar Johnny in 2021? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Cad a dúirt Johnny in agallamh a rinne sé roimh thús Chraobh na Sé Náisiún i mí Feabhra i mbliana? (Alt 5)

(b) Cad a rinne Johnny leis na buataisí a chaith sé nuair a bhuaigh sé a chéadú caipín idirnáisiúnta ag imirt i gcoinne na Seapáine in 2021? (Alt 5)

(10 marc)

**B – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.


## Scéalta Móra 2022

**1.** Is iomaí scéal a bhí i mbéal an phobail in 2022 ach ba é an scéal nuachta domhanda ba mhó a bhí ann ná gur ionsaigh an Rúis an Úcráin ag deireadh mhí Feabhra. Tá cogadh millteanach ar siúl san Úcráin fós. Anseo in Éirinn, bhí daoine ag caint gan stad faoi chúrsaí tithíochta, faoin easpa dídine, faoin gcóras sláinte, faoin gcostas maireachtála agus faoi chúrsaí timpeallachta. Bhí a lán de mhóruaisle an domhain i Londain i mí Mheán Fómhair anuraidh do shochraid Eilís II. Beidh áit ar leith ag Eilís II i stair na Breataine mar bhí sí ina Banríon ar feadh seachtó bliain, an monarc ab fhaide réim i stair na Breataine. Thug Eilís II cuairt stáit ar Éirinn in 2011, an chéad chuairt stáit ag monarc Briotanach ó bunaíodh stát neamhspleách na hÉireann céad bliain ó shin.

**2.** Bhí áthas ar phobal na tíre nuair a d’fhógair an rialtas deireadh le srianta phaindéim Covid-19 go luath in 2022. Cuireadh deireadh leis an scaradh sóisialta. Bhí rogha ag daoine filleadh ar ais ar a n-ionaid oibre sa deireadh. Bhí cead ag daoine triall ina sluaite arís ar imeachtaí spóirt agus ceoil. Thosaigh daoine ag ceiliúradh agus ag baint taitneamh as an saol arís. Bhí níos mó ná 80,000 duine i bPáirc an Chrócaigh nuair a chuir Ed Sheeran tús lena chamchuairt dhomhanda i mí Aibreáin. Bhí scoth an cheoil le cloisteáil, bhí atmaisféar dochreidte sa staid agus lucht leanta an cheoil ag baint ardtaitneamh as an gceolchoirm.

**3.** Bliain iontach a bhí sa bhliain 2022 do thionscal na scannánaíochta in Éirinn. Bhí an scannán Gaeilge *An Cailín Ciúin* le feiceáil ar scáileáin ar fud an domhain den chéad uair. Bhain an scannán go leor gradam amach sna féilte idirnáisiúnta scannán. Ach ba é an gradam ba mhó a bhain *An Cailín Ciúin* amach ná ainmniúchán do ghradam na nOscar in 2023 i rannóg na bhfadscannán idirnáisiúnta is fearr, an chéad scannán Gaeilge a fuair ainmniúchán riamh. Tá ardmholadh á fháil ag an scannán *The Banshees of Inisherin*. Taispeánadh ar na scáileáin den chéad uair é i mí Dheireadh Fómhair 2022. Baineann an scannán leis an gcairdeas idir beirt fhear agus faoin tslí a gcuireann deireadh an chairdis sin as don bheirt fhear. Ar Acaill agus ar Inis Mór Árann a rinneadh an scannánú. Tá ardmholadh faighte ag Colin Farrell agus ag Brendan Gleeson as ucht a gcuid aisteoireachta i bpríomhpháirteanna an scannáin.

**4.** Ar an 16 Eanáir anuraidh, bhí comóradh stáit speisialta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i gcuimhne ar na heachtraí a tharla sa chaisleán cothrom an lae sin céad bliain roimhe. Ar an 16 Eanáir 1922, thug rialtas na Breataine riar sé chontae is fiche d’oileán na hÉireann, agus Caisleán Bhaile Átha Cliath féin, ar láimh do rialtas sealadach Shaorstát Éireann. Ba i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a bhí lárionad riail na Breataine in Éirinn le seacht gcéad bliain roimhe sin. Bhí comóradh speisialta eile ar siúl sa chaisleán ar an 27 Lúnasa anuraidh. Mháirseáil na céadta garda go Caisleán Bhaile Átha Cliath an lá sin chun comóradh a dhéanamh ar imeachtaí an lae i 1922 nuair a threoraigh Michael Staines, an chéad Choimisinéir ar an nGarda Síochána, fórsa nua gardaí isteach trí gheataí an chaisleáin le dualgas póilíneachta an stáit nua a ghlacadh ar láimh go foirmiúil ó na Sasanaigh.



| | |
|---|---|
| **5.** Is iomaí dea-scéal a bhí sa nuacht in 2022 faoin taisteal inbhuanaithe agus an t-aistriú ó fheithiclí díosail agus peitril go feithiclí leictreacha agus hidrigine. Tháinig méadú mór ar líon na gcarranna leictreacha ar bhóithre na tíre anuraidh. I mí an Mheithimh, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair sa tír seo plean chun 120 bus leictreach dhá urlár a chur ar bhóithre na tíre seo taobh istigh de dhá bhliain. Sheol comhlacht réigiúnach traenach *LNVG* sa Ghearmáin an chéad traein a ritheann ar chumhacht hidrigine i mí Lúnasa. Baineann a lán buntáistí leis | na feithiclí leictreacha agus hidrigine seo. Laghdóidh siad an lorg carbóin sa timpeallacht toisc go ritheann siad ar leictreachas nó ar hidrigin in ionad díosail nó peitril. Beidh na feithiclí nua níos éifeachtúla ná na feithiclí díosail agus peitril. Ní dhéanann an traein hidrigine mórán torainn. Sa tír seo, táthar ag súil leis nach mbeidh aon astaíocht á déanamh ag na busanna poiblí ar bhóithre na tíre faoin mbliain 2032.<br><br>*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla* |

**1.** (a) Cén scéal nuachta domhanda ba mhó a bhí ann in 2022? (Alt 1)

(b) Cén fáth a mbeidh áit ar leith ag Eilís II i stair na Breataine? (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** cheann de shrianta phaindéim Covid-19 ar chuir an rialtas deireadh leo go luath in 2022. (Alt 2)

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi cheolchoirm Ed Sheeran i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cad é an gradam ba mhó a bhain an scannán, *An Cailín Ciúin*, amach? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin scannán *The Banshees of Inisherin*. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Cad a rinne rialtas na Breataine ar an 16 Eanáir 1922? (Alt 4)

(b) Cén fáth ar mháirseáil na céadta garda go Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 27 Lúnasa anuraidh? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Cén plean a d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair sa tír seo i mí an Mheithimh? (Alt 5)

(b) Scríobh síos **dhá** bhuntáiste atá ag baint leis na feithiclí leictreacha agus hidrigine. (Alt 5)

(10 marc)

## Ceist 2 — Prós – Ainmnithe nó Roghnach — 50 marc

Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

### 2A — PRÓS AINMNITHE — 50 marc

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**

(i) Cén fáth a mbeidh cóisir i dteach mhuintir Albright?

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir.

(iii) Luaigh **dhá** rud faoin gcuma atá ar Lisín.

(iv) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi Ruán agus Cuán, an bheirt mhac atá ag Lisín agus Pól.

(v) Tabhair **dhá** rud a léiríonn go bhfuil ag éirí go sármhaith le Pól, fear céile Lisín.

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

Tabhair cuntas ar shaol Oisín ón uair a d'imigh sé le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg go dtí deireadh an scéil.

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* **nó** faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis**

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn sa charráiste traenach ón uair a shuíonn an fear dall, Paul, os comhair Catherine go dtí deireadh an scannáin.

(25 marc)

**nó**

**An Lasair Choille**

Tabhair cuntas ar an gcineál saoil atá ag an bhfear óg, Séamas, agus é ag tabhairt aire don seanfhear, Micil, sa dráma *An Lasair Choille*.

(25 marc)

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal sin. Déan cur síos ar an gcineál saoil atá ag an duine sin sa scéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

## Ceist 3 — Filíocht – Ainmnithe nó Roghnach — 50 marc

Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

| 3A | FILÍOCHT AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Géibheann**

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 1-8 den dán.

(8 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** athrú atá ar shaol an ainmhí anois sna línte 9-17.

(8 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(9 marc)

### Géibheann

**1.** Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
    a bhfuil clú agus cáil
    ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

**9.** ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

**(b) An tEarrach Thiar**

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, **dhá** phointe eolais faoin *gcurrach* i véarsa a ceathair.

(8 marc)

(iii) Ar thaitin saol an oileáin leis an bhfile, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
    Binn an fhuaim
    San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
    Niamhrach an radharc
    San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
    Támh-radharc síothach
    San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
    San Earrach thiar.

**(c) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i) Scríobh síos, **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, a thugann an file dúinn faoin bhfear sna línte 1-8 den dán.

(8 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn sna línte 9-16 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

## Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóinínί
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora fíniúna).

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

(iii) Scríobh síos rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cén príomhthéama atá sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Luaigh an íomhá (an pictiúr) is fearr leat sa dán.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 2

Dé Máirt 13 Meitheamh
Maidin 9:30 – 11:50